V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10448 – MABANAFT / H&R / P2X)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 8/02)

1. An 22 Nollaig 2021 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mabanaft GmbH & Co. KG ("Mabanaft", an Ghearmáin), de chuid an Ghrúpa Marquard & Bahls, arb é Marquard & Bahls AG (an Ghearmáin) an mháthairchuideachta dheiridh,

— H&R GmbH & Co. KGaA ("H&R", an Ghearmáin), mar mháthairchuideachta dheiridh an Ghrúpa H&R,

— P2X-Europe GmbH & Co. KG ("P2X", an Ghearmáin).

Faigheann Mabanaft agus H&R rialú comhpháirteach ar P2X de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Mabanaft: tá Mabanaft ina chuid den Ghrúpa Marquard & Bahls atá gníomhach i soláthar, trádáil agus lóistíocht mar a bhaineann leis an bhfuinnimh, le táirgí peitriliam agus le ceimiceáin,

— i gcás H&R: tá H&R ina chuid den Ghrúpa H&R. Forbairt, táirgeadh, líonadh agus margú táirgí ceimiceacha cógaisíochta speisialtachta atá bunaithe ar amhola amhail olaí próisis, plaisteacháin, olaí bána, bonn-olaí agus pairifíní, sin iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa H&R,

— i gcás P2X: baineann gníomhaíochtaí P2X le teicneolaíocht agus gnó PtX. Seasann PtX do phróisis tiontaithe fuinnimh a úsáidtear chun foinsí in-athnuaite cumhachta, más féidir, a thiontú go táirgí deiridh sintéiseacha amhail gáis, leachtanna, táirgí ceimiceacha nó teas. Is féidir le monarchana PtX hidreacarbóin shintéiseacha a tháirgeadh ó uisce agus ó dhé-ocsaíd charbóin trí úsáid a bhaint as fuinneamh leictreach. Áirítear ar na táirgí PtX a d'fhéadfadh a bheith ann ríomhbhreoslaí sintéiseacha aeráidneodracha, amhail peitreal, díosal, scairdbhreoslaí nó céaracha, i measc táirgí eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10448 – MABANAFT / H&R / P2X

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 An Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.